

COMÓRADH NÁISIÚNTA AN GHORTA MHÓIR

2026



Ionad Theach na mBocht, Port Omna, Co. na Gaillimhe
Dé Domhnaigh an 17 Bealtaine 2026



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



OPW



The
IRISH
WORKHOUSE
CENTRE



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



**“History is scrawled in
the silence of stone.”**

Noelle Lynskey, *Silence of Stone*

Kieran Tuohy, taispeántas Dark Shadows.
Grianghraf: Kerry Kissane.

COMÓRADH NÁISIÚNTA

AN GHORTA MHÓIR

2026

CLÁR ÁBHAIR

Brollach	3
Ord Reatha an tSearmanais.....	4
An Gorta Mór i gContae na Gaillimhe.....	10
Tithe na mBocht i gContae na Gaillimhe ..	14
Bochtaineacht, fóirithint agus marthanas corrach i ndiaidh an ghorta in Éirinn	16
As an gCartlann: An Gorta Mór i gContae na Gaillimhe.....	18
Comhbhá in am an ocrais: freagairt dhaonnúil le linn an Ghorta Mhóir agus ina dhiaidh	22



Gairdín Comórtha 1916, Geata na hEala, Baile Átha an Rí: plaic ag comóradh Dhíaspóra na Gaillimhe: na daoine go léir a d'fhág Gaillimh aimsir an ghorta. Grianghraf: Thomas O'Sullivan



Suanlios in Ionad Theach na mBocht, Port Omna. Grianghraf: Kerry Kissane.

Brollach

Is mór an onóir dom fáilte a chur romhaibh chuig Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 anseo in Ionad Theach na mBocht i bPort Omna.

Chuirfeadh an t-ionad atá againn i mbliana tocht ar dhuine ar bith. Is siombail chumhachtach é Teach na mBocht, siombail atá greanta ar chomhchuimhne mhuintir na tíre. Is léiriú é ar méid a d'fhulaing daoine a mhair i dtír ina raibh an bás mórthimpeall orthu, ar an tsíoraíocht a bhí sna daoine sin a tháinig slán, agus ar an gcaoi ar theip ar na córais a bhí in ainm cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a chosaint.

Is é an Gorta Mór mórthragóid náisiúnta na tíre. Tá tionchar fós aige orainn, ar bhealaí nach léir iad i cónaí.

Cuimhneoidh muid inniu ar na daoine a fuair bás ró-óg. Cuimhneoidh muid ar na glúnta sin nach bhfuair an deis fiú teacht ar an saol. Cuimhneoidh muid orthu sin a tháinig slán. Orthu sin a d'fhulaing, a choinnigh orthu agus a mhair ar iomaí bealach. Orthu sin a thriail pobail a scríosadh a thabhairt le chéile arís. Orthu sin a d'fhág a mbaile dúchais agus a thug aghaidh ar chathracha róphlódaithe. Agus orthu sin a raibh dóchas acu sa mbád bán agus a sheol trasna an Atlantaigh go tíortha i bhfad i gcéin.

Tá a scéal féin ag baint le gach uile bhliain den Ghorta Mór, idir fhulaingt agus cheachtanna. Is é sin an fáth a bhfuil sé de dhualgas doshéanta orainn inniu iad a thabhairt chun cuimhne. Chun go gcoinneoidh muid na daoine sin linn agus go bhfoghlameoidh muid uathu. Ionas go gcothóidh muid todhchaí atá bunaithe ar chomhbhá, ar an gceartas agus ar an dualgas faire amach dá chéile.

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil leosan a chur leis an ócáid bhrónach seo – Comhairle Chontae na Gaillimhe, Coiste Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir, muintir Phort Omna, coiste deonach Ionad Theach na mBocht, na léitheoirí, na ceoltóirí agus na hoibrithe deonacha áitiúla atá linn inniu agus na hoifigigh ó ar fud Ranna éagsúla. Ní bheifí ábalta é seo uilig a bheith curtha le chéile againn inniu murach sibh.

Ba mhaith liom gach uile dhuine sa mbaile agus thar lear, a dhéanann an Gorta Mór agus a íospartaigh a chomóradh ar a mbealach féin, a lua freisin agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo. Baineann an cuimhneachán linn uilig.

Agus ar deireadh, mo bhuíochas libh uilig a tháinig anseo inniu. Tá súil agam go bhfaighidh sibh deis suaimhneas intinne a fháil, machnamh a dhéanamh agus go mbeidh sibh ar bhur socracht inniu.

Patrick O'Donovan T.D.

An tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Cathaoirleach Choiste Comórtha Náisiúnta an Ghorta Mhóir



Ord Reatha an tSearmanais

Réamhcheol

Taibhléiriú ó Bhanna an Airm

Garda Onóra ag máirseáil ar Paráid

Teacht Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir David Collins

Teacht an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan T.D.

Teacht an Taoisigh, Micheál Martin T.D.

Tús an tSearmanais

Focal Fáilte ón Aire Cultúir, Cumarsáide & Spóirt, Patrick O'Donovan T.D.

Spreagaitheasc ón Taoiseach, Micheál Martin T.D.

Clár Cultúir an Phobail

Aitheasc aitheantais ó Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir David Collins, maidir le taibhléirithe an phobail agus na taibhléirithe cruthaitheacha.

Jo Vahey i mbun reacaireachta i dteannta Áine Sheridan ar an gcruit

Dán: *The Famine Year* a scríobh Speranza (An Bhantiarna Jane Wilde), 1847 - sliocht arna léamh ag Noelle Lynskey, Eileen Smith agus Stephen Killeen

Amhrán: *The Famine Song*, a scríobh Johnny McEvoy arna chasadh ag Cathal Sweeney
Amhrán a scríobhadh faoin nGorta Mór in Éirinn (1847-1851) agus faoin turas a thug fear amháin go Meiriceá i ndiaidh dó a chomrádaithe a fheiceáil ag fáil bháis leis an ocras

Ceol: *The Workhouse Lament* (An Chéad Taibhiú), arna scríobh agus arna sheinm ag Ger Fahy (an phíb uilleann), píosa ceoil a scríobhadh i gcumhne na ndaoine beo bocht sin nach raibh an dara rogha acu, de bharr an ocrais agus an éadóchais, ach tearmann a lorg i dTeach na mBocht Phort Omna

Dán: *Na Fataí Bána*, a scríobh Peatsaí Ó Callanáin sa mbliain 1846, arna rá ag Pádraig Ó Conghaile

Amhrán: *Crucán na bPáiste*, a scríobh Brendan Graham arna chasadh ag Róisín Mannion
Amhrán tochtmhar ina ndéantar cur síos ar reiligi na bpáistí inar olladhlacadh páistí óga agus gasúir nach raibh baiste le linn an Ghorta Mhóir in Éirinn sna 1840idí

Ceol: *Tabhair dom do Lámh* as Bailiúchán Edward Bunting (*The Ancient Music of Ireland*, 1840); ceoltóirí: Ger Fahy, Róisín Mannion, Cathal Sweeney, Áine Sheridan agus Tomás Mannion

Paidreacha ar son íospartaigh an Ghorta Mhóir, faoi stiúir Ardséiplíneach Óglaigh na hÉireann



Tús an Chomóraidh Stáit

Plaic chuimhneacháin á nochtadh ag an Taoiseach, le cúnamh ó dhalta as Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, Port Omna

Crann á chur ag an Taoiseach, le cúnamh ó dhalta as Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, Port Omna

Bláthfhleasc á leagan ag an Taoiseach, ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus ag Déan an Chóir Taidhleoireachta

Nóiméad ciúnais

Piper's Lament

Last Post

An Bhratach Náisiúnta á hardú go barr crainn

Reveille

Amhrán na bhFiann

Deireadh an tSearmanais



Kieran Tuohy, taispeántas
Dark Shadows.
Grianghraf: Kerry Kissane.

Plaic

Sraitheog de scéal cumhachtach insinte is ea an saothar dealbhóireachta coimisiúnaithe seo ina dtugtar léargas ar an saol mar a bhí sé ag daoine le linn an Ghorta Mhóir. Trí shraith radharcanna atá snoite go cúramach, cuirtear síos sa tsraitheog ar an gcaoi a ndeachaigh an t-ocras, an díláithriú agus an bás i bhfeidhm de réir a chéile ar phobail ar fud na hÉireann.

Má théitear ó chlé go deas, léirítear sna híomhánna: Dúchan na bhFataí; Beostoc á Dhíol; Anraith á Ofráil; Daoine á nDíbirt; Teach na mBocht agus an Bád Bán, scéal a insíonn an meath de réir a chéile a tháinig ar shábháilteacht, ar dhínt agus ar an saol féin le linn ceann de na tréimhsí ba mheasa i stair na hÉireann, tréimhse a d'fhág lorg domhain orainn.

Plaic: an t-ealaíontóir

Is snoíodóir agus dealbhóir traidisiunta é Cormac O'Reilly a oibríonn le cloch. Tá sé lonnaithe i nGallach, Contae na Gaillimhe. Is le haolchloch na hÉireann den chuid is mó a oibríonn sé agus is saothair chomórtha agus saothair a bhaineann go sonrach le suíomh an speisialtóireacht atá aige, ar saothair iad a mbíonn dlúthbhaint acu leis an stair, an chuimhne agus an áit.

Caoineadh Theach na mBocht (*An Chéad Taibhiú*)

Tugtar guth leis an bpíosa ceoil coimisiúnaithe seo don chruatan a fulaingíodh, do na daoine sin a ndearnadh beag is fiú dá saol agus don dhaonnacht nár múchadh riamh, déantar sin trí thuin uaigneach na bpíob uilleann agus trí anáil thomhaiste agus méara gluaisteacha an phíobaire. Taobh istigh de bhallaí theach na mbocht, is ionann ceol na bpíob uilleann agus gníomh ciúin finnéachta, cuimhne agus ómóis.

Caoineadh Theach na mBocht: an cumadóir

Ger Fahy, rímháistir ar an bpíob uilleann agus ceoltóir iluirlise, duine de mhuintir ceolmhar Fahy as Baile na Cille in Oirthear na Gaillimhe, agus duine de bhunaitheoirí Trad on the Prom atá ar siúl i nGaillimh le fada an lá. Tá cáil i bhfad agus i ngearr air mar dhuine de phríomhphearsa cheol traidisiunta na linne seo, a bhfuil a shaothar ceoil seinnte agus taifeadta ar fud an domhain.

Clár Pobail

Cuireadh go mór le Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 i bPort Omna a bhuí le Clár mór Pobail d'imeachtaí acadúla, oideachais, cultúir agus ealaíne, ar cuireadh an chuid is mó díobh i gcrích roimh Chomóradh Náisiúnta an 17 Bealtaine. Cuireadh an clár ar fáil in Ionad Theach na mBocht agus in ionaid phobail ghaolmhara, agus chuir sé le tuiscint an phobail ar an nGorta Mór trí scoláireacht, taighde pobail, seandálaíocht, scéalaíocht, freagairtí cruthaitheacha agus foghlaim idirghlúine. Tugadh staraithe, seandálaithe, oideachasóirí, ealaíontóirí, mic léinn agus grúpaí oidhreachtacha áitiúla le chéile leis an gclár chun na gnéithe daonna, sóisialta agus polaitiúla a bhaineann le hoidhreacht an Ghorta Mhóir i nGaillimh agus níos faide i gcéin a fhiosrú, fad a cinntíodh rannpháirtíocht láidir áitiúil agus comhbhá náisiúnta. Chuir na himeachtaí seo uilig le Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir taobh istigh d'oidhreacht bheo Phort Omna agus Oirthear na Gaillimhe, trínar cruthaíodh clár ar bhain an iomaí sraith leis, clár cuimsitheach agus fiúntach a chomhlánaigh agus a neartaigh an searmanas comórtha oifigiúil. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/national-famine-commemoration-portumna-2026>



Kieran Tuohy, taispeántas Dark Shadows.
Griangraif: Ionad Theach na mBocht, Port Omna.



PARADISE «SCOTCH» IN NORTHERN IRELAND—CHILDREN WAITING LATE IN THE DAY FOR THE FERRY BOAT

“The Unflinching Eye.” Sceitse le Paul Renouard,
ar taispeáint sa Great Hunger Museum, 8 Samhain 2012.
Pictiúr le caoinchead Ollscoil Quinnipiac.

An Gorta Mór i gContae na Gaillimhe

le Christine Kinealy agus Gerard Moran

Bhíodh géarchéimeanna maireachtála agus gortaí áitiúla ag tarlú i gContae na Gaillimhe fiú roimh Ghorta Mór 1845-52. Theip ar na fataí idir na blianta 1821 agus 1822 in go leor áiteanna ar fud na hÉireann; ba iad Contae na Gaillimhe, Contae an Chláir agus Contae Mhaigh Eo ba mheasa a buaileadh agus de réir na dtaifead fuair daoine bás ar Íomaí, i Rinn Mhaoile agus i mBaile na Cille. Thosaigh grúpaí móra daoine ag gluaiseacht thart ag lorg bia agus thug líon mór acu a n-aghaidh ar Chathair na Gaillimhe, a raibh fadhbanna inti féin bia a choinneáil le muintir na cathrach. Deich mbliana ina dhiaidh sin, idir na blianta 1830 agus 1831, theip ar na fataí arís agus fágadh go rabhthas ag fóirithint ar 122,000 duine sa gcontae.

Bhí Contae na Gaillimhe ar cheann de na réigiúin ba mheasa a buaileadh in Éirinn le linn an Ghorta Mhóir, áit ar tháinig laghdú 28 faoin gcéad ar an daonra ann idir 1841 agus 1851 trí ocras, galar agus eisimirce. Bhí difear idir na blianta ganntanais sin agus na blianta rompu mar gheall ar fhairsinge gheografach an chruatain agus mar gheall ar an achar a mhair sé. Bhí na bearta a ghlac an Rialtas in 1845 cosúil leis na bearta a glacadh níos túsce sa chéad: ceannaíodh méideanna móra gráin bhuí, bunaíodh coimisiún fóirithinte chun iarrachtaí na gcoistí áitiúla a chomhordú agus tugadh deontas do Bhord na nOibreacha Poiblí chun obair fóirithinte a chur i bhfeidhm sna ceantair a bhí buailte. Cé gur i gceantair ar leith a tharla dúchan na bliana 1845, faoin mbliain 1846 bhí sé scaipthe ar fud na Éireann agus d'athraigh bearta an rialtais ina leith. Cuireadh deireadh le fóirithint in aisce agus, ina ionad, rinneadh fóirithint ar dhaoine mar chúiteamh ar obair a dhéanamh. Bhí síneadh le cur leis na hoibreacha poiblí, cé go raibh smacht docht le coinneáil ar choinníollacha fostaíochta na n-oibreacha fóirithinte.

Bhí an t-uafás cruatain agus fulaingthe le brath ar fud Chontae na Gaillimhe tar éis bhaint an fhómhair in 1846. Idir Deireadh Fómhair 1846 agus Meitheamh 1847, fostaíodh 33,325 duine ar an meán gach lá ar na hoibreacha poiblí áitiúla. Cé go raibh líon mór daoine fostaithe i gContae na Gaillimhe, bhí contae amháin ann, Contae Chorcaí, ina raibh níos mó daoine fostaithe faoi na cúinsí céanna. Is minic a bhain na scéimeanna fóirithinte le 'bóithre gorta' a thógáil. Faoi dheireadh 1846, bhí tithe na mbocht uilig sa gcontae lán agus, ós rud é nár ceadaíodh 'fóirithint taobh amuigh', bhí siad ag cur na ndaoine beo bocht sin ar theastaigh áit uathu iontu ó dhoras. Níor leor na bearta fóirithinte a tugadh isteach cúpla mí roimhe sin agus d'fhógair

an rialtas go gcuirfí an Temporary Relief Act in ionad na n-oibreacha poiblí, acht lena gcuirfí anraith ar fáil in aisce agus a bhí le maoiniú le 'rátaí na mbocht' áitiúla, cáin a gearradh ar na húinéirí talún.

Bhí 56,003 duine ag fáil anraith i gCathair na Gaillimhe i mí Iúil 1847, bhí 49,864 ag fáil anraith i dTuaim agus 32,523 ar an nGort an bhliain chéanna. Achtaíodh clásal Ceathrú Acra Gregory (lenar sonraíodh nach raibh aon duine a bhí ag cur faoi ar níos mó ná ceathrú acra talún i dteideal fóirithint phoiblí) i mí Lúnasa 1847, a d'fhág go raibh ar fheirmeoirí a ngabháltais a thabhairt ar láimh do na tiarnaí talún a dhíbir na tionóntaí sin ansin óna dtithe. Dá réir sin, i mí na Nollag 1847, tháinig aon cheann déag de bháid a bhí lán le bochtáin ó eastát amháin i gConamara, inar díbríodh óna dtithe iad, chun iad a thabhairt go dtí teach na mbocht i nGaillimh, agus dhíbir Marcella Gerrard beagnach 300 tionónta agus leag sí os cionn 60 teach i mBaile an Leasa in aice leis an gCreagán i gContae na Gaillimhe.

Chuir an líon níos mó agus níos mó daoine a bhí á ndíbirt as a dtithe leis an mbrú a bhí ar Aontais Dhlí na mBocht i gContae na Gaillimhe mar gur áitigh Coimisinéirí Dhlí na mBocht i mBaile Átha Cliath go raibh ar Bhoird Bhardacht Dhlí na mBocht rátaí na mbocht a ghearradh ar úinéirí talún chun na boicht áitiúla a chothabháil. De réir mar a mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag fáil bháis de bharr na haicíde agus an ocras, dúradh leis an rialtas mura leathnófaí dlí na mbocht go gcaillfí níos mó daoine. D'fhág Coimisinéirí Dhlí na mBocht tuarascálacha ó Aontas an Ghoirt agus ó roinnt aontas eile ar lár as a gcuntais fhoilsithe in aon turas in 1849 mar go raibh eagla orthu go dtarraingeodh leibhéil an anáis agus an bháis raic i measc an phobail. Tharla círéibeacha bia i gCathair na Gaillimhe agus muintir na háite ag iarraidh bac a chur ar easpórtáil bia.

Cé gur tháinig deireadh leis an ngorta nuair a tháinig deireadh leis an dúchan in Éirinn sa mbliain 1852, bhí tionchar mór aige ar an gcontae: tháinig athrú mór ar úinéireacht talún, tháinig deireadh uilig leis an spailpínteacht agus tháinig athrú ar chleachtais talmhaíochta dá bharr. Mar thoradh fadtéarmach ar an nGorta Mór, scoilteadh pobail, tháinig buanlaghdú ar an daonra de bharr an líon daoine a fuair bás agus na heisimirce ollmhóire, lagaíodh geilleagar na tuaithe agus tháinig meath ar an nGaeilge agus ar thraidisiúin eile a bhain leis an gcultúr. D'athraigh an Gorta Mór gach uile rud beo.



Páirc Chuimhneacháin an Ghorta, ar shuíomh 'Bully's Acre'.
Le caoinchead Conor Johnston.



Teach na mBocht, Baile Locha Riach.
Le caoinchead Patrick Delaney.



Plaic chuimhneacháin á cur in airde ag an Old Tuam Society i gCeathrú Pheadair, Bóthar Bhaile Átha Cliath, chun olluaigh an Ghorta Mhóir a chomóradh, Mí na Nollag 1947. Cartlann an Old Tuam Society.



Cnocán Iósaif, ina mbíodh Ospidéal Fiabhrais Mhaigh Cuillinn agus an Teach Breise do na Boicht: 1847-1851. Le caoinhead Oidhreacht Mhaigh Cuillinn. Tógadh an grianghraf in 2016.

Tithe na mBocht i gContae na Gaillimhe

le Gerard Moran

Tugadh Dlí na mBocht isteach in Éirinn in 1838. Roinneadh an tír ina 130 aontas Dhlí na mBocht agus bhí teach na mbocht amháin i ngach aontas. Bhí Contae na Gaillimhe roinnte ina sé aontas: Béal Átha na Sluaighe, an Clochán, Gaillimh, an Gort, Baile Locha Riach agus Tuaim. Bhí áit iontu seo le haghaidh 4,400 bochtán. Ba i mBéal Átha na Sluaighe agus i nGaillimh a bhí an dá theach ba mhó do na boicht, ina raibh áit do 1,000 bochtán an ceann iontu agus ba sa gClochán a bhí an ceann ba lú a raibh áit ann do 300 duine. Ar an nGort a osclaíodh an chéad teach na mbocht i gContae na Gaillimhe i mí na Nollag 1841, agus ba sa gClochán a osclaíodh an ceann deiridh in 1847.

Bhí an saol níos measa ag na daoine agus iad istigh i dteach na mbocht ná mar a bhí acu taobh amuigh. Bhí sé seo amhlaidh chun nach mbeadh fonn ar dhaoine dul isteach i dteach na mbocht agus lena chinntiú nach nglacfaí isteach ach na daoine ba bhoichte agus ba mhó a bhí i ngátar. Sular chlis ar na fataí in 1845, ní raibh mórán bochtán i dtithe na mbocht – 217 duine i mBéal Átha na Sluaighe agus 177 duine i mBaile Locha Riach. Le linn an Ghorta Mhóir in 1845-52, bhí Contae na Gaillimhe ar cheann de na réigiúin ba mheasa a bhí buailte in Éirinn.

Ba iad na fataí an príomhbhia a thugtaí do dhaoine i dtithe na mbocht, ach faoi dheireadh na bliana 1845 athraíodh go dtí arán mar go raibh sé deacair fataí a fháil. Faoi dheireadh na bliana 1846 bhí na tithe ar fad do na boicht sa gcontae lán agus bhí sé ag dul rite leo a ndóthain airgid a bhailiú chun iad a choinneáil oscailte. Ní fhéadfaí an teach do na boicht ar an nGort a choinneáil ar oscailt murach gur thug cuid de bhaill Bhardaigh Dhlí na mBocht síntiús £1,000. Sa mbliain 1847 d'éirigh an scéal níos measa fós nuair a bhí na daoine ag brath go hiomlán ar theach na mbocht agus ar an bhfóirithint taobh amuigh le maireachtáil, mar sin bhíothas ag súil go mbeadh úinéirí maoiné in ann an cháin mhaoine, a dtugtaí rátaí orthu, a úsáid chun fóirithint ar na bochtáin.

Bhí níos mó éilimh ag teacht i rith an ama ar áiteanna i dtithe na mbocht, mar sin d'éirigh siad róphlódaithe agus scaip galair an-sciobtha iontu. Ní raibh cuid de na tithe do na boicht i nGaillimh sásta glacadh le daoine a raibh drochbhail orthu. I mí Iúil na bliana 1847 fuair 30,876 duine fóirithint i dtithe na mbocht chomh maith le fóirithint taobh amuigh in aontas na Gaillimhe, fuair 24,483 fóirithint ar an gClochán, 24,625 i mBaile Locha

Riach agus 49,864 i dTuaim. De réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhí ag dul isteach i dteach na mbocht, ní raibh sé ar chumas na mbardach na ceannaithe agus na siopadóirí, a chuir na hearraí a theastaigh chun na bochtáin a bheathú, a íoc. Bheadh ar go leor de na tithe do na boicht dúnadh murach an t-airgead a fuaireadar ó Chumann Fóirithinte na Breataine. Sa tréimhse chéanna, tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhí ag tabhairt aghaidh ar theach na mbocht freisin mar go raibh tionóntaí á ndíshealbhú ag tiarnaí talún.

Tógadh foirgnimh bhreise, tithe cúnta do na boicht, ar cíós le breathnú amach do na bochtáin bhreise a bhí tagtha, ach ba mhinic iad sin ar dhroch-chaiighdeán agus iad níos measa fiú ná na príomhfhoirgnimh. Bhí galair ar nós calar agus tífeas ag scaipeadh go rábach i ngach ceann de thithe na mbocht agus fuair go leor daoine bás dá mbarr.

Chun líon na ndaoine i dteach na mbocht a laghdú, socraíodh go seolfaí cailíní óga chuig na coilíneachtaí agus cuireadh 250 cailín ó thithe na mbocht i nGaillimh chun na hAstráile idir 1848 agus 1850, agus cuireadh líon mór cailíní go Ceanada sna 1850idí. Ina theannta sin, rinneadh cinneadh in 1850 cur le líon na dtithe do na boicht i gContae na Gaillimhe le go mbeadh deich gcinn uilig ann; osclaíodh tithe do na boicht i nGleann na Madadh, ar an gCreagán, in Uachtar Ard agus i bPort Omna in 1852. Bhí 4,900 áit i dtithe na mbocht faoin tráth sin do bhochtáin sa chontae (ní raibh ansin ach 500 níos mó áit ná mar a bhí ann in 1841, nuair a osclaíodh an chéad teach do na boicht).



Seomra Leighis Ionad Theach na mBocht.
Le caoinchead Ionad Theach na mBocht, Port Omna.

Bochtaineacht, fóirithint agus marthanas corrach i ndiaidh an ghorta in Éirinn

Ionad Theach na mBocht, Port Omna

Bunú Theach na mBocht

Is é Teach na mBocht Phort Omna ceann de na tithe dá leithéid is fearr a sheas an aimsir in Éirinn agus is fianaise cumhachtach é ar an mbochtaineacht, ar fhóirithint agus ar mharthanas corrach sa naoú haois déag. Bunaíodh Aontas Dhlí na mBocht Phort Omna, ar fógraíodh go foirmeálta é in 1850, faoin *Poor Law Extension Act 1847*, agus osclaíodh doirse fhoirgneamh buan theacht na mbocht in 1852. Murab ionann agus go leor institiúidí roimhe sin, osclaíodh an teach sin do na boicht i ndiaidh an ghorta, agus bhí sé leagtha amach chun freastal ar suas le 600 cónaitheoir ag an am.

Sular críochnaíodh é, tugadh áit chónaithe shealadach do na daoine sin sa gceantar a bhí beo bocht i dteach breise do na boicht a bhí lonnaithe i stóras tráchtála, áit a raibh na coinníollacha róphlódaithe, ina raibh na coinníollacha sláintíochta go dona agus a chuir scéin sna daoine sin a raibh cúnamh ag teastáil go géar uathu.

An saol mar bhí faoi Dhlí na mBocht

Fiú nuair a bhí an foirgneamh buan oscailte, is beag faoiseamh a fuarthas taobh istigh de bhallaí Theach na mBocht Phort Omna. Géarsmacht, teaghligh á ndeighilt, cothú suarach agus gnáthaimh dhochta a mhúnlaigh an saol a caitheadh ann gach lá. Ba é an creideamh oifigiúil a bhí ann ag an am gur teip mhorálta a bhí sa bhochtaineacht seachas gurbh éagóir shóisialta agus eacnamaíoch níos leithne ba chúis léi agus léiríodh an creideamh sin i teach na mbocht.

Ailtireacht agus cumhacht

Ó thaobh na hailtireachta de, leanadh dearadh dara céim George Wilkinson i bPort Omna, dearadh a bhí bunaithe ar sheacht bpríomhfhoirgneamh eagraithe timpeall clóis, agus lenar scaradh fir, mná agus leanaí óna chéile go docht. Suite ar imeall an bhaile agus ballaí arda timpeall air, bhí sé scoite amach ón tsochaí laethúil d'aon ghnó. Taobh istigh de na ballaí sin, bhí na coinníollacha dian: suanliosanna móra ina raibh tochtanna tuí, droch-aeráil agus gan mórán teas, agus bhí na daoine ann á bhfaire agus á rialú seasta.

Faillí, fulaingt agus bás

De réir na gcontas a tugadh i nuachtáin na linne sin agus de réir fiosrúcháin oifigiúla a rinneadh bhí líomhaintí á ndéanamh arís agus arís eile faoi fhaillí, faoi chúram leighis nach raibh sách maith agus faoi lucht riaracháin fuarchroíoch, go háirithe le linn na 1860idí. Fuair go leor de na daoine ba bhoichte bás in ospidéal theach na mbocht; adhlacadh iad gan leacht agus rinneadh dearmad orthu den chuid is mó. Bhí daoine ann, mar gheall ar an scéin a chuir teach na mbocht iontu agus mar gheall ar an náire a bhain leis, arbh fhearr leo bás a fháil taobh amuigh de na ballaí arda sin seachas áit taobh istigh díobh a lorg.

Deireadh ré agus cuimhneacháin

Tar éis shaoirse na hÉireann a bheith bainte amach, cuireadh deireadh le córas thithe na mbocht agus dúnadh Teach na mBocht Phort Omna sa mbliain 1921. Ionad Theach na mBocht atá anois ann, foirgneamh ina gcoinnítear cuimhne na daoine a sin a mhair, a d'fhulaing agus a fuair bás ann buan, trína gcinntítear go bhfuil an saol mar a chaith siadsan é mar chuid de chomóradh comhchoiteann na hÉireann ar an ngorta, ar an mbochtaineacht agus ar Dhlíthe na mBocht.



“The Famine in Ireland - Funeral at Skibbereen.” Sceitse leis an Uasal H. Smith, Corcaigh.
Pictiúr le caoinchead Ollscoil Quinnípiac.

An Gorta Mór i gContae na Gaillimhe

le *Patria McWalter*

Tuaim

Is i miontuairiscí Choimisinéirí Baile Thuama an 5 Deireadh Fómhair 1846 an chéad uair a dtagraítear ina gcuid miontuairiscí (TTC/1) don ghorta agus do chruatan an trátha sin, nuair a d'iarr an Bord go lonnófaí giúistís cónaitheach i dTuaim

for the purpose of securing the safe transit of food and of affording protection to property for the want of both which Tuam is at present in a deplorable state and further that Tuam be appointed a Depot for provisions in-as-much as that the Town has been for the last 3 days and still continues without a supply of meal or flour and that in consequence cattle have been taken off the streets and slaughtered by a starving populace. (TTC/1/1, lgh 100-1)

Déantar tagairt eile do chruatan an bhaile agus a mhuintir in 1848 nuair a rith na Coimisinéirí dhá rún eile:

That 75 per cent of the applicants for relief understand the Irish language only, and that the Vice Guardians, the Clerk of the Union, and the Tuam Relieving Officer are ignorant of said language and are consequently incompetent to investigate the claims of applicants for relief. (30 June 1848, TTC/1/1, p. 126)

agus

That we form a Committee for the purpose of making enquires relative to many cases of distress existing and report to the Board on next day of meeting. (TTC/1/1, p. 126)

De réir roinnt taifead, íocadh an bealach do roinnt cailíní ó theach na mbocht Thuama go dtí an Astráil in 1848 agus in 1849.¹ Tá tagairtí teoranta do shocrúithe i measc na dtagairtí sna miontuairiscí ach tugtar le fios leo, mar shampla, go raibh 25 bhean le dul ar imirce chun na hAstráile i mí Lúnasa 1848, trí Plymouth (Sasana):

¹ Go dtí Melbourne ar an *Lady Kennaway* (1848): https://indexes.records.nsw.gov.au/ebook/list.aspx?Page=NRS5316/4_4816/Lady%20Kennaway_6%20Dec%201848/4_481600125.jpg, agus go dtí to Sydney ar an *Inchinnan* (Meitheamh? 1849): www.irishfaminememorial.org/orphans/database/ Rochtain faighte i Feabhra 2015. Lastliostaí loinge (digiteacha) na himirce íoctha: <https://mhns.wa.au/guides/assisted-immigrants-digital-shipping-lists/#1840s>, Museums of History of New South Wales. Rochtain faighte in Aibreán 2023.

Resolved: That Mr Morris, Master be directed to proceed to Dublin on Monday 28th in charge of 25 emigrants and that the sum of fifty pounds be advanced to him, for which he will account upon his return to defray the expense incurred in the transport and subsistence of these emigrants. (GPL5/4B, pp 6-7, 25 Aug 1848)

Chuir an Máistir mionsonraí ar a chaiteachais os comhair an Bhoird ina dhiaidh sin,

attending to the transmission of paupers to Plymouth amounting to £45.13.9 and handed the balance amounting to £4.6.3 to Clerk, who was ordered to lodge it with the Treasurer. (GPL5/4B, p. 8, 26 Sept 1848)

Baile Locha Riach

I mí na Samhna 1847, agus 640 príosúnach i dteach na mbocht, chuir an Máistir in iúl, ós rud é go raibh seans ann go leanfadh líon na ndaoine a bhí á dtabhairt isteach i dteach na mbocht de bheith ag méadú mar a bhí ag tarlú sna cúpla seachtain roimhe sin, go mbeadh gá le hábhair bhreise, amhail pluideanna, ceailleacó, bróga agus snáth (GPL2/4, 27 Samhain 1847). Faoi dheireadh na seachtaine dar críoch an 15 Eanáir 1848, bhí 931 príosúnach i dteach na mbocht agus faoin 19 Feabhra 1848, bhí 53 díobh básaithe. Bhí sé beartaithe thart ar an am sin ospidéil shealadacha a thógáil i dtoghanna Bhaile Átha an Rí agus Chluain Caoin.

I mí na Nollag 1847, ag cosaint cúisimh as triúr a ligean isteach i dteach na mbocht nach raibh beo bocht, seo a leanas mar a thug na Bardaigh breacchuntas ar na fíricí:

Thomas Fahy, one of the three abandoned a mountain holding which he held at the yearly rent of £4.4.0., of which only one rood was in cultivation, and was provisionally admitted upon the recommendation of the Parochial Clergyman, in a state of starvation, and died the next day of exhaustion.

Michael Larkin, the second, held a small mountain farm at the yearly rent of £1.2.0., and was in a state of great destitution, and is now with his family in fever in the House.

The third person, James Mannion, held a mountain farm at £2.4.4., which he abandoned and appeared in great destitution, the Guardians regret to say that at the instance of the Poor Law Inspector [William Burke] they discharged this family, who are since in Fever and in a state of awful destitution. (4 Dec 1847, GPL2/4, p. 70)

Ag cruinniú dá chuid an 22 Eanáir 1848, breacadh a leanas sna miontuairiscí:

[as the] present state of the Workhouse is such as not to afford sufficient accommodation for the amount of destitute to which the poor are becoming daily now exposed, he [Guardian, William Tully], will on Saturday next [raise] that outdoor relief be extended to the classes contemplated by the 1st Section of the Poor Law Amendment Act. (GPL2/4, p. 148)

Mar sin féin, ag an gcruinniú a bhí ag an mBord an 8 Feabhra, cinneadh nach bhféadfadh sé a leanas a dhéanamh:

could not give outdoor relief till we obtain the Sealed Order of the Commissioners and that, having failed to procure the necessary buildings to enable us to give sufficient indoor relief, owing to the objections made by Doctor Phelan to the one we had taken, we are of the opinion that Mr Conan's house, taken by us on the first January last, should be occupied by the female children now in the workhouse, as originally intended and that the objection made by Doctor Phelan to this building appears to the Guardians not well founded. (GPL2/4, p. 179)

D'ordaigh na Bardaigh freisin, ag an am sin, don Mháistir liostaí a dhéanamh díobh siúd go léir i dteach na mbocht a d'fhéadfadh a bheith i dteideal fóirithint taobh amuigh.

Mar shampla, in 1848 'sheol siad' 40 dílleachta mná óg go dtí an Astráil (21 Deireadh Fómhair 1848, lgh 208-09). Thaistil cailíní ó Aontas Bhéal Átha na Sluaighe leo freisin, ar dtús ar an gcanáil agus ansin ar thraein, sula ndeachaigh siad ar an mbád go Plymouth sular thosaigh a dturas go dtí Deisceart na hAstráile. (GPL2/5, lgh 14-415)

Shocraigh na Bardaigh

a leanas: That in accordance with the Commissioners instructions we dispatch 40 of the paupers (so selected by Mr Henry R. N.) per the 'Duke of Cambridge' steam to Plymouth on Saturday the 28th inst., and we direct the Master (Mr Miller) to proceed to Dublin in charge of the party, the remaining 8 to be reserved for a future vessel and their outfit to be placed in the Master's store until required. (lch. 416, 21 Deireadh Fómhair 1848)

Laughlin **UNION.**

Population in 1841, *76,774* Present not Annual Value, *71,000*

STATE of the WORKHOUSE for the Week ending Saturday, the *30th* day of *July* 184*8*.

Number of inmates for which accommodation is provided:-	Aged and infirm		Able-bodied		Boys		Girls		Total		RETURN OF SICK AND LUNATICS		OBSERVATIONS
	Males	Females	Males	Females	Males	Females	Males	Females	Males	Females	Admitted in Hospital or the Asylum	No. of Lunatics and Idiots in the Asylum	
Workhouses													
Temporary Buildings													
Additional Workhouses													
Permanent Fever Hospital													
Fever Sluice													
Total	<i>109</i>	<i>12</i>	<i>20</i>	<i>126</i>	<i>44</i>	<i>26</i>	<i>8</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Remaining on previous Saturday, as per last Return													
Admitted during the Week	<i>3</i>	<i>3</i>	<i>19</i>	<i>35</i>	<i>15</i>	<i>11</i>	<i>8</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Total	<i>112</i>	<i>15</i>	<i>39</i>	<i>161</i>	<i>59</i>	<i>37</i>	<i>16</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>			
Discharged during the Week	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Died	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Total Discharged and Died	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>			
REMAINDER ON THE ABOVE DATE	<i>109</i>	<i>12</i>	<i>20</i>	<i>126</i>	<i>44</i>	<i>26</i>	<i>8</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			

RETURN of DESTITUTE PERSONS relieved out of the Workhouse, in the week ending Saturday, the *30th* day of *July* 184*8*.

Miontuairiscí Bhord Bardachta Bhaile Locha Riach, ag taispeáint staid theach na mbocht an tseachtain dar críoch an 23 Iúil 1848 (GPL2/6), ag tabhairt le fios go bhfuair 40 duine bás i dtéach na mbocht i rith na seachtaine, gur scaoileadh 141 duine amach as agus gur fhan 1,760 duine sa Teach. **Le caoinchead Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.**

381 *Virginia* **UNION.**

Population in 1841, *71,774* Present not Annual Value, *71,000*

STATE of the WORKHOUSE for the Week ending Saturday, the *30th* day of *February* 184*9*.

Number of inmates for which accommodation is provided:-	Aged and infirm		Able-bodied		Boys		Girls		Total		RETURN OF SICK AND LUNATICS		OBSERVATIONS
	Males	Females	Males	Females	Males	Females	Males	Females	Males	Females	Admitted in Hospital or the Asylum	No. of Lunatics and Idiots in the Asylum	
Workhouses													
Temporary Buildings													
Additional Workhouses													
Permanent Fever Hospital													
Fever Sluice													
Total	<i>9</i>	<i>26</i>	<i>60</i>	<i>146</i>	<i>65</i>	<i>57</i>	<i>16</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Remaining on previous Saturday, as per last Return													
Admitted during the Week	<i>4</i>	<i>2</i>	<i>66</i>	<i>12</i>	<i>27</i>	<i>11</i>	<i>8</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Total	<i>13</i>	<i>28</i>	<i>126</i>	<i>158</i>	<i>92</i>	<i>68</i>	<i>24</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>			
Discharged during the Week	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Died	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			
Total Discharged and Died	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>	<i>2</i>			
REMAINDER ON THE ABOVE DATE	<i>12</i>	<i>26</i>	<i>124</i>	<i>146</i>	<i>90</i>	<i>67</i>	<i>23</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>			

Miontuairiscí Bhord Bardachta Bhaile Locha Riach, ag taispeáint staid theach na mbocht an tseachtain dar críoch an 3 Feabhra 1849 (GPL2/6), ag tabhairt le fios go bhfuair 48 duine bás i dtéach na mbocht i rith na seachtaine, gur scaoileadh 200 duine amach as agus gur fhan 2,952 duine sa Teach. **Le caoinchead Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.**

Comhbhá in am an ocrais: freagairt dhaonnúil le linn an Ghorta Mhóir agus ina dhiaidh

le Marie Mannion

Le linn an Ghorta Mhóir (1845-1852), tháinig Cumann na gCarad, a dtugtar na Caecair orthu de ghnáth, chun cinn mar cheann de na dreamanna is prionsabálta agus is éifeachtaí a chuir faoiseamh daonnúil ar fáil in Éirinn. Cé go raibh daonra na gCaecar beag agus cé nach raibh mórán acu i gConnacht, bhí tionchar mór ag an obair a rinne an cumann trí thionscnaimh chomhordaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i gContae na Gaillimhe.

Fóirithint eagraithe agus breathnóireacht dhíreach

Bhunaigh na Caecair Coiste Fóirithinte Lárnach i mBaile Átha Cliath amach sa mbliain 1846, bhí tacaíocht acu ó choistí comhchosúla sa mBreatain agus i Meiriceá Thuaidh. Tríd an líonra sin, díriodh bia, éadach agus cúnamh airgeadais ar chuid de na ceantair ba mhó a bhí i gcrúachas in Iarthar na hÉireann. Thuairiscigh ionadaithe na gCaecar, tar éis dóibh iniúchadh a dhéanamh iad féin, go raibh fóirbhochtaineacht i gCathair na Gaillimhe, ar an gCladach, i gConamara agus ar Oileáin Árann. Bhí na tuarascálacha sin lárnach i dtaobh freagairt fóirithinte a bhí bunaithe ar eolas agus a bhí spriocdhírthe a chur le chéile.

Níos mó ná cúnamh éigeandála: Modhfheirm Bhaile Uí Chlúmháin

Bhí níos mó ná fóirithint éigeandála bhia i gceist le hidirghabháil na gCaecar le linn an Ghorta Mhóir. Bhí talamh ar léas ag Cumann na gCarad i mBaile Uí Chlúmháin in oirthear na Gaillimhe chun modhfheirm a bhunú. Bhí sé d'aidhm leis an tionscadal sin cleachtais talmhaíochta níos fearr a léiriú, éagsúlú barr a chur chun cinn agus tacú le téarnamh fadtéarmach a chur i bhfeidhm i bpobail a scriosadh mar gheall gur theip ar an bhfómhar arís agus arís eile. Léirigh tionscnamh Bhaile Uí Chlúmháin an tuairim gur cheart cúnamh láithreach a thabhairt le fóirithint ghorta agus gur cheart neamhthuilleamaíocht i dtaca le bia agus teacht aniar a chur chun cinn.

Gortaí a tharla i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus idirghabháil athnuaite

Lean tiomantas na gCaestóirí dul i ngleic leis an ocras agus leis an mbochtaineacht i nGaillimh ar aghaidh i ndiaidh an Ghorta Mhóir. Le linn na ngéarchéimeanna níos déanaí sa naoú haois déag, go háirithe gorta 1879-1882, a dtugtar an 'An Gorta Dearmadta' air go minic, bhí ról tábhachtach arís ag daonchairde Chumann na gCarad. D'fhill daoine ar nós James Hack Tuke, a chonaic é féin na coinníollacha a bhí ann le linn na 1840idí, ar iarthar na hÉireann chun an cruatan a fhiosrú a thuilleadh agus chun labhairt amach ar son tuilleadh cúnaimh. In éineacht le líonraí iompair níos fearr agus cúnamh idirnáisiúnta, chuidigh na hiarrachtaí sin leis an mbásmhaireacht thubaisteach a tharla le linn an ghorta roimhe sin a sheachaint.

Oidhreacht Chumann na gCarad i gContae na Gaillimhe

Le linn tréimhsí géarchéime i ndiaidh a chéile, rinneadh idirdhealú idir na Caecair agus dreamanna eile mar gheall ar a neamhchlaontacht, a n-éifeachtúlacht i dtaobh cúrsaí riaracháin agus a n-urraim dhomhain do dhínit an duine. Maireann a n-oidhreacht i gContae na Gaillimhe, ní hamháin mar gheall ar an bhfóirithint a thug siad, ach mar gheall ar an tsamhail mharthanach de fhreagairt chineálta dhaonnúil phraiticiúil ar chuir siad tús léi, a théann i bhfeidhm ar dhaoine fós sa lá atá inniu ann nuair a dhéantar comóradh ar ghorta agus ar cheartais shóisialta.



James Hack Tuke.



Mr Tuke's Fund: Connemara emigration in the 1880s - Ireland's forgotten famine.

Le caoinchead Chumann Oidhreachta an Chlocháin agus Chonamara.